



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007

## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS 1815 - 1993

Scrúdú scríofa: 400 marc

Tuarascáil ar an Staidéar Taighde, a seoladh isteach roimh ré: 100 marc

DÉ CÉADAOIN, 13 MEITHEAMH, TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.50

### *Treoracha d'Iarrthóirí:*

Freagair Roinn 1, 2 agus 3 istigh.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist doiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 2)

Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Na topaicí 1, 3, 4, 5 agus 6.

Freagair topaic amháin as an roinn seo.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Na topaicí 1, 2, 3, 4, 5 agus 6.

Freagair na ceisteanna ar gach ceann de dhá thopaic as an roinn seo.

## ROINN 1: CEIST DOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 2*

### Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

***Cumann Lúthchleas Gael (CLG) go 1891***

Déan staidéar ar na doiciméid (A agus B) thall agus freagair na ceisteanna thíos.

1.
  - (a) Faoi mar atá ráite i ndoiciméad A, cén chaoi ar cuireadh fáilte roimh an Ardeaspag ar theacht go dtí an Ráth dó?
  - (b) Faoi mar atá luaite i ndoiciméad A, cén post a bhí ag an Ardeaspag i gCLG?
  - (c) As doiciméad A, ainmnigh dhá shlí ina dtabharfaí aird ar leith ar na fír.
  - (d) Faoi mar atá ráite i ndoiciméad B, cén rud ar chóir don lucht eagraithe cuimhneamh air agus ionad á roghnú acu do na cluichí?
  - (e) As doiciméad B, cé na daoine nach ceart cead a thabhairt dóibh duaiseanna a bhronnadh? (40)
  
2.
  - (a) Cé acu doiciméad, A nó B, a thugann an pictiúr is fabhraí de CLG? Mínigh do fhreagra agus tú ag tagairt don dá dhoiciméad.
  - (b) Cé acu doiciméad, A nó B, a léiríonn imní phearsanta maidir le leas CLG? Tabhair cúis le do fhreagra. (20)
  
3.
  - (a) Ainmnigh dhá ghné de dhoiciméad A atá cosúil le tuairisc i nuachtán.
  - (b) Cé acu ceann díobh seo a leanas is mó a mbainfeadh staraí tairbhe as: doiciméad A; doiciméad B; na doiciméid A agus B le chéile? Mínigh go fhreagra. (20)
  
4. Cad iad na slite inar fhorbair CLG sna blianta tar éis 1884? (20)

**- Doiciméad A -**

**Tuairisc nuachtáin ar chuairt an Ardeaspag Cróc ar an Ráth, Co. Chorcaí.**

Thaistil Ardeaspag Chaisil ar thraein an mheán lae as Durlas agus shroich sé an Ráth tamall gairid tar éis a trí tráthnóna. Bhí slua mór daoine ar ardán an stáisiúin agus lasmuigh den stáisiún agus nuair a thuirling an tArdeaspag, scaoileadh liúnna díograiseacha ag cur fáilte roimhe.

Gné shuntasach a bhain leis an teacht le chéile ná go raibh leathdhosaen craobhacha de Chumann Lúthchleas Gael ann. Tá Cróc ina phátrún ar an gcumann. Bhí na fir gléasta i gcultacha na gclubanna éagsúla agus bhí a gcamáin á n-iompar ar a nguailí acu.

Thabharfá aird ar leith ar an dealramh a bhí orthu agus chuaigh ord agus eagar a gcuid gluaiseachtaí go mór i gcion ar an lucht féachana. Fiú i lár an tslua a bhí corraithe, choimeád siad an t-eagar a bhí orthu, iad taobh le taobh ina mbeirteanna, agus chomhlíon siad orduithe a gcuid captaen go beacht.

*Foinse: The Freeman's Journal, 26 Iúil, 1887.*

**- Doiciméad B -**

**Litir ón Ardeaspag Cróc chuig Coinbhinsiún CLG i nDurlas, 4 Eanáir 1888.**

**Tá sé ag gearán go bhfuil breis daoine ag ól ag cluichí CLG.**

**Mhol sé:**

- *go gcuirfí cosc le díolachán deochanna meisciúla ar an bpáirc agus, chomh mór agus is féidir, in aice na páirce fiú.*
- *go ndéanfaí comharsanacht na dtithe tábhairne a sheachaint nuair a bheadh ionad á roghnú le haghaidh spórt dá leithéid.*
- *nach nglacfaí le haon duaiseanna ó úinéirí na dtithe tábhairne.*

*Foinse: The Gael, 7 Eanáir, 1888.*

## ROINN 2: ÉIRE

Freagair na trí rannóg, A, B agus C as ceann amháin de na topaicí thíos.

*Éire: Topaic 1*

**Éire agus an tAontas, 1815-1870**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht a bhfuil leasú déanta air is ea é seo. Tógadh é as litir a scríobh an tÉireannach Óg, Séamas Fionntán Ó Leathlobhair chuig an nuachtán *The Irish Felon*, Meitheamh 1848. Déanann sé cur síos ar na dálaí i rith an Ghorta Mhóir. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Daoine a bhfuil a gcuid talún agus a mbeatha i lámha daoine eile seachas ina lámha féin, níl siad slán sábháilte. Sampla de sin, agus cruthú air, is ea Gorta Mór na hÉireann.*

*Ba leor na barraí arbhair chun muintir an oileáin a chothú. Ach d'éiligh na tiarnaí talún a gcuid cíosanna in ainneoin an Gorta a bheith ann, agus biodh is go raibh fiabhras ann. Thóg siad an fómhar go léir agus d'fhág siad an t-ocras acusan a d'fhás na barraí.*

*Dá mba iad muintir na hÉireann tiarnaí talún na hÉireann, ní bhfaigheadh oiread is duine amháin bás den ocras.*

1. Cé air a gcuireann Ó Leathlobhair an milleán mar gheall ar an nGorta?
2. In ainneoin fiabhras agus gorta a bheith ann, cén rud arbh éigean é a thabhairt do na tiarnaí talún?
3. Cad a d'fhág na tiarnaí talún ag an dream a d'fhás na barraí?
4. Dar le Ó Leathlobhair, cén chaoi a bhféadfaí an Gorta Mór a sheachaint?
5. Ball d'Éire Óg ba ea Séamas Fionntán Ó Leathlobhair. Cad a rinne Éire Óg in 1848?

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cogadh na nDeachúna in Éirinn.
2. Dlíthe na mBocht.
3. Charles Trevelyan agus an Gorta Mór.
4. An tOideachas in Éirinn tar éis 1830.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas.

1. Conas a d'éirigh le Dónal Ó Conaill Fuascailt na gCaitliceach a bhaint amach?
2. Cén t-ionchur a bhí ag Asenath Nicholson i saol na hÉireann?
3. Cad é an tionchar a bhí ag Seanad Dhurlais 1850 ar an Eaglais Chaitliceach in Éirinn?
4. Cén pháirt a ghlac Séamas Mac Stiofáin agus/nó Séarlas Kickham i nGluaiseacht na bhFíníní?

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht is ea é seo a bhfuil leasú déanta air. Tógadh é as óráid a rinne Séan Réamann le paráid de chuid Óglaigh na hÉireann i nDroichead an Adhmaid, Co. Chill Mhantáin, 20 Méan Fómhair, 1914. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Is é an dualgas atá ar fhir na hÉireann ná cóstaí na hÉireann a chosaint ar ionradh ó eachtrannaigh. Dualgas is ea é chomh maith an chrógacht Éireannach a chruthú ar pháirc an chogaidh faoi mar a rinneadh i gcónaí san am atá caite.*

*Tá leas na hÉireann i gceist sa chogadh seo. Tá an cogadh á throid chun creideamh agus cearta an duine a chosaint. B'ábhar náire don tír seo dá gcuirfeadh fíor óga na hÉireann teorainn lena gcuid iarrachtaí agus cloí le hÉirinn a chosaint ar ionradh nach dócha a tharlóidh, agus fanacht siar ón gcrógacht sin a chruthú ar pháirc an áir, an chrógacht sin a tharraing cáil ar Éireannaigh riamh anall.*

*Deirimse libh mar sin, "Leanaigí ar aghaidh ag druileáil agus ullmhaigí sibh féin don obair, agus ansin déanaigí sibh féin a chruthú mar fhir chróga, ní hamháin in Éirinn ach cibé áit ina síneann líne na troda, chun cearta, saoirse agus creideamh a chosaint sa chogadh seo."*

1. Cad a deir an té atá ag caint mar gheall ar an dualgas atá ar fhir na hÉireann?
2. Dar leis an té atá ag caint, cad tá i gceist sa chogadh seo?
3. Cad a chomhairlíonn an té atá ag caint do na hÓglaigh leanúint ar aghaidh leis?
4. Dar leis an té atá ag caint, cad tá á chosaint sa chogadh?
5. Luaigh slí amháin inar thug na hÓglaigh aird ar an óráid seo.

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. An Tríú Bille um Rialtas Dúchais, 1912.
2. Éirí Amach na Cásca, 1916.
3. An tionchar a bhí ag an gcríochdheighilt ar Éirinn.
4. Liam T. Mac Coscair.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén ról a bhí ag Art Ó Gríofa i gcúrsaí na hÉireann?
2. Cad iad na slite a raibh Comhdháil Chorp Chríost, 1932, ina hócáid a mbeidh cuimhne uirthi?
3. Cén pháirt a ghlac Éamon de Valéra i gcúrsaí Angla-Éireannacha idir 1932 agus 1945?
4. Cén tionchar a bhí ag an Dara Cogadh Domhanda ar chathair Bhéal Feirste?

*Éire: Topaic 4*  
**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

A (30 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Tugtar cuntas sa sliocht seo ar an imirce le linn an Ghorta Mhóir. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ocras orthu, iad clúdaithe le míolta agus an fiabhras orthu, bailíodh le chéile ar nós ainmhithe iad ar lastlonga a bhíodhas tar éis a chóiriú go tapa chun daoine a iompar; agus bhí tromlach an dreama seo ró-aineolach agus rómhór ar nós cuma liom chun tabhairt faoi na réamhchúraimí ba bhunúsaí in aghaidh an ghalraithe.*

*Gan amhras bhí ráta na básmhaireachta ard; as measc na n-imirceach a sheol as Learpholl go Ceanada in 1847, fuair duine amháin as gach ceithre dhuine dhéag bás ar an bhfarraige, agus díobh sin a sheol as Corcaigh duine amháin as gach naonúr, agus tá cuimhne na long báis (cónra) bunaithe go daingean i dtraidisiún na ndaoine faoin nGorta Mór.*

(Foinse: The Making of Modern Ireland, J.C. Beckett, 1966.)

1. Cén cineál long a raibh na himircigh ag taisteal orthu?
2. Cén fáth nach ndearna na himircigh réamhchúraimí in aghaidh an ghalraithe?
3. Sa bhliain 1847, cad é ráta na básmhaireachta i measc na n-imirceach a d'fhág Corcaigh?
4. Cad é an chuimhne atá bunaithe go daingean i dtraidisiún na ndaoine?
5. Ainmnigh slí amháin inar chuidigh na himircigh lena muintir in Éirinn.

B (30 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Na Molly Maguires.
2. Misean Ord an Spioraid Naoimh go dtí an Nigéir, 1945-1966.
3. An tArdeaspag Dónal Mannix.
4. Maureen O'Hara.

C (40 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a tharla do na himircigh Éireannacha nuair a chuaigh siad i dtír ar Grosse Îsle?
2. Cén ról a ghlac Seán Devoy agus/nó Andrew Bonar Law i stair na hÉireann?
3. Cén tionchar a bhí ag Seán F. Ó Cinnéide ar Ghaeil Mheiriceá agus ar Éirinn?
4. Cad atá le foghlaim againn faoi shaol na n-imirceach Éireannach i Sasana as saothar Dhónaill Mhic Amhlaigh?

*Éire: Topaic 5*  
**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

A (30 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Tógadh an sliocht seo as ráiteas tosaigh Thraolach Uí Néill mar Phríomh-Aire ar Thuaisceart Éireann. Sa ráiteas, leagann sé amach a chlár oibre don fhorbairt a bhí ar intinn aige. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Mótarbhealach nua is ea é ag dul níos doimhne isteach sa Chúige. Aerfort nua is ea é a oirfidh d'ár n-ionad mar an láthair aerthráchta is gnóthaí sa Bhreatain cé is moite de Londain.*

*Ospidéal nua is ea é i nDoire – an ceann is nua-aimseartha in Oileáin na Breataine. Saotharlanna nua is ea iad ina bhfuil áiseanna taighde agus iad suite in Ollscoil na Ríona chun sinn a thabhairt go dtí imeall an eolais agus fiú thairis.*

*Eastáit tithíochta nua atá ann in ionad na slumaí. Is éard atá ann ná srianadh na heitinne i ndiaidh a chéile. Is éard atá ann ná iarsmalann náisiúnta nua agus freisin iarsmalann traidisiúnta ár muintire.*

Terence O'Neill, 'Ulster at the Crossroads', Londain, 1969.

1. Cén tábhacht a bhainfidh leis an aerfort nua do Thuaisceart Éireann?
2. Cad a bhunófar i nDoire?
3. Cén fhorbairt a tharlóidh in Ollscoil na Ríona?
4. Cad a thógfá in ionad na slumaí?
5. Cén páirtí polaitíochta lenar bhain an Príomh-Aire Traolach Ó Néill?

B (30 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. An tionchar a bhí ag an stát leasa shóisialaigh.
2. Conn Mac Bhloscaidh agus Pádraigín Mhic Bhloscaidh.
3. Bernadette Ní Dhoibhlin.
4. Brian Faulkner.

C (40 marc)  
*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*


Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad é an tábhacht a bhain le Comhaontú Sunningdale agus leis an bhfeidhmeannas comhroinnte cumhachta, 1973-1974?
2. Cén fáth ar chúis teannais gníomhaíocht na Apprentice Boys i gcathair Dhoire?
3. Cad iad na hargóintí a bhí ann i bhfabhar agus i gcoinne an Ollscoil nua a shuíomh i gCúil Raithin?
4. Cén pháirt a ghlac John Hume i gcúrsaí Thuaisceart Éireann?

Éire: Topaic 6  
An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989

A (30 marc)  
Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad

Cartún is ea é seo as *Dublin Opinion*, Meitheamh 1961, ar iarratas na hÉireann chun dul isteach sa C.E.E.



“Téigh thusa ar dtús, Macmillan, go bhfeicimis cé chomh domhain is atá sé.”

1. As an gcartún, tabhair píosa amháin fianaise a thugann le tuiscint go bhfuil contúirt ag baint le dul isteach sa C.E.E.
2. Cé acu fear sa chartún atá ina Thaoiseach ar Éirinn?
3. Conas a thugann an cartún le tuiscint dúinn go bhfuil sé i gceist ag Éirinn agus ag an mBreatain dul isteach sa C.E.E. le chéile?
4. Ar éirigh le hiarratas na bliana 1961?
5. Ainmnigh buntáiste amháin d’Éirinn as ballraíocht sa C.E.E.

B (30 marc)  
Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Tionchar Vatacáin II ar Éirinn.
2. Seán Ó Loingsigh.
3. An tábhacht a bhain le saoroideachas meánscoile.
4. Sylvia Meehan nó Breandán Ó hEithir.

C (40 marc)  
Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a d’éirigh le Seán Lemass a thabhairt i gcrích mar Thaoiseach?
2. Cén chaoi a raibh tionchar ag ballraíocht san C.E.E, ar iascaireacht na hÉireann?
3. Cén tionchar a bhí ag RTÉ agus ag Gay Byrne ar shochaí na hÉireann?
4. Cé chomh tábhachtach agus a bhí an tArdeaspag Seán Séarlas Mac Uaid?



**ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR**  
**Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*  
**An Náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht is ea é seo a bhfuil leasú déanta air. Tógadh é as óráid a thug Otto von Bismarck do Pharlaimint na Prúise in 1862. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Féachann na stáit eile sa Ghearmáin le meas ar chumhacht na Prúise. Caithfidh ár neart a chruinniú agus nuair a bheidh cúrsaí fabhrach dúinn, an deis a thapú chun an bua a bhaint amach.*

*Tá an seans caillte againn roinnt mhaith uaireanta cheana. Níl teorainneacha na Prúise fabhrach don tsábháilteacht.*

*Ní le hóráidí ná le toghcháin a dhéanfar mór-éachtaí an lae. B'in an botún a rinneadh in 1848.*

*Le fuil agus le hiarann a dhéanfar inniu iad.*

1. Cén fáth a bhfuil meas ag stáit Ghearmánacha eile ar an bPrúis?
2. Cad a chaithfidh an Phrúis a dhéanamh chun an bua a bhaint amach?
3. An bhfuil teorainneacha na Prúise slán sábháilte?
4. Conas a dhéanfar mór-éachtaí an lae?
5. Cén fáth ar chuir Bismarck cogadh ar an bhFrainc in 1870?

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. An seirfeachas sa Rúis.
2. Giuseppe Mazzini.
3. An Cairteachas.
4. Na himeachtaí a bhain le Réabhlóid na bliana 1848 sa Ghearmáin.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhain le modh-shráidbhaile Robert Owen in New Lanark?
2. Cén ról a ghlac Karl Marx i bhforbairt an tsóisialachais?
3. Cad iad na hathruithe a rinne Baron Haussmann i gcathair Pháras?
4. Cad é an tábhacht a bhain le saol agus le saothar Charles Darwin?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*  
**Náisiúntáit agus teannas idirnáisiúnta 1871-1920**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht a bhfuil leasú déanta air is ea é seo. Tógadh é as teileagram a chuir Alfred Zimmermann, Aire Gnóthaí Eachtracha na Gearmáine, chuig ambasadóir na Gearmáine i Meicsiceo. Déan staidéar air agus freagair na ceistanna ina dhiaidh.

*Beirlín, Eanáir 19, 1917*

*Ar an gcéad lá d’Fheabhra, tá sé i gceist againn cogáocht gan srian le fomhuireáin a thosú. Ina ainneoin sin, tá sé i gceist againn Stáit Aontaithe Mheiriceá a choimeád neodrach.*

*Mura n-éiríonn leis an bplean seo, tá comhaontas le Meicsiceo á bheartú againn ar an mbonn seo a leanas: go ndéanfaimid cogadh le chéile agus go ndéanfaimid síocháin le chéile.*

*Tuigtear go bhfaighidh Meicsiceo na tailte ar ais a chaill sí i Meicsiceo Nua, in Texas agus in Arizona.*

*Is dealraitheach go gcuirfidh úsáid neamhthrócaireach na cogáochta le fomhuireáin, iallach ar Shasana síocháin a dhéanamh i gceann cúpla mí. Zimmermann.*

1. Cad atá i gceist ag an nGearmáin a dhéanamh ar an gcéad lá d’Fheabhra?
2. Mura bhfanann na Stáit Aontaithe neodrach, cad atá i gceist ag Zimmermann a dhéanamh?
3. Cad a bheadh le fáil ag Meicsiceo as comhaontas leis an nGearmáin?
4. Cad a chuirfidh iallach ar Shasana síocháin a lorg?
5. Tabhair cúis amháin a ndeachaigh na Stáit Aontaithe isteach sa Chéad Chogadh Domhanda in Aibreán 1917.

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Teannais idir an Stát agus an Eaglais sa Ghearmáin.
2. Iomaíocht sna coilíneachtaí.
3. Socrú Síochána Pháras.
4. Rosa Luxemburg.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad é an polasaí mara a bhí ag an Kaiser Wilhelm II agus cén chaoi a raibh tionchar aige ar an gcaidreamh leis an mBreatain?
2. Cén fáth a bhfuil tábhacht ag baint le Marie Curie i bhforbairt na heolaíochta agus an leighis?
3. Cad é an tábhacht a bhain le Karl Benz agus/nó le muintir Krupp i bhforbairt tionsclaíochta na Gearmáine?
4. Cén pháirt a ghlac na mná agus/nó Douglas Haig sa Chéad Chogadh Domhanda?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*  
**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht a bhfuil leasú déanta air is ea é seo. Tógadh é as cuimhní cinn mná a raibh cónaí uirthi i mBeirlín i 1923, le linn tréimhse forbhoilscithe (praghsanna ag dul i méid go mór agus go mear). Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ba mhaith liom roinnt cuimhní cinn a thabhairt ar mo chás i mBeirlín i 1923. A luaithe a fuair mé mo phá, rith mé amach chun roinnt earraí laethúla a cheannach ón ngrósaer. An pá laethúil a fuair mé mar eagarthóir ar an iris Soziale Praxis, ba leor é chun builín arán agus píosa cáise a cheannach agus b'in an méid.*

*Bhí orm a rá nach dtabharfainn léacht i gColáiste na Cathrach i mBeirlín mar ní raibh mé cinnte an ndíolfadh an táille ar an léacht as ticéad na traenach agus bhí sé rófhada chun siúl ann.*

*Tháinig cara liom go Beirlín ó na bruachbhailte lena phá míosúil, chun péire bróg a cheannach dá pháiste, ach ní fhéadfadh sé ach cupán caife a cheannach.*

1. Cén post a bhí ag an scríbhneoir?
2. Cén fáth nár thug an scríbhneoir an léacht?
3. An cara ó na bruachbhailte, cad a bhí i gceist aige a cheannach?
4. Ón sliocht thuas, tabhair sampla amháin den tslí a n-oibríonn an forbhoilsciú.
5. Seachas an forbhoilsciú, ainmnigh fadhb shóisialta nó eacnamaíochta amháin sa Ghearmáin sa tréimhse idir na cogaí.

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Vladimir Ilyich Leinín.
2. Fadhbanna eacnamaíochta agus sóisialta sa Bhreatain sna 1930-idí.
3. An Fhrainc i rith an Dara Cogadh Domhanda.
4. Winston Churchill.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén tionchar a bhí ag seo-trialacha Stailín ar an Aontas Sóivéadach?
2. Cén chaoi ar úsáid Joseph Goebbels agus/nó Leni Riefenstahl na hollmheáin chumarsáide sa Ghearmáin chun gluaiseacht na Naitsíoch a chur chun cinn?
3. Cén chaoi ar fhorbair an faisisteachas san Iodáil faoi Benito Mussolini?
4. Conas a d'éirigh le Bing Crosby agus/nó le Charlie Chaplin a bheith ina réalta i gcultúr an phobail i rith na tréimhse 1920–1945?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*  
**Easaontas agus ath-ailíniú san Eoraip, 1945-1992**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Pictiúr is ea é seo de shaol an teaghlaigh sna 1950-idí. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.



1. Cé mhéad páiste atá sa chlann?
2. Ainmnigh cineál amháin bia atá á ullmhú don bhéile.
3. Cén ról atá ag an máthair sa phictiúr?
4. Cén chaoi a dtugann an pictiúr le tuiscint dúinn gurb é an fear ceann an teaghlaigh?
5. Ainmnigh athrú amháin a tharla i ról na mban idir 1945 agus 1992.

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cúnamh Mharshall don Eoraip.
2. Aertharlú Bheirlín, 1948-49.
3. John Lennon.
4. Tionchar an ríomhaire.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar theip ar Éirí Amach na hUngáire, 1956?
2. Cad iad na príomhthorthaí a bhí ar ghéarcheim na hola, 1973?
3. Cad iad na príomhimeachtaí i saol an Phápa Eoin Pól II?
4. Cad iad na deacrachtaí a bhí le sárú ag Margaret Thatcher mar Phríomh-Aire na Breataine agus conas a phléigh sí leis na deacrachtaí sin?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*  
**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Sliocht is ea é seo a bhfuil leasú déanta air. Tógadh é as óráid a thug Richard Nixon ar 23 Nollaig, 1953. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Agus tá a lán i bhur measc a chuireann an cheist seo: cén fáth a bhfuil na Stáit Aontaithe ag caitheamh na gcéadta milliún dollar ag tacú le fórsaí Aontas na Fraince sa troid i gcoinne an chumannachais san Ind-Sín?*

*Má thiteann an Ind-Sín beidh an Téalainn i mbaol nach féidir teacht as. D'fhéadfaí an rud céanna a rá mar gheall ar an Malaie lena chuid rubair agus stáin. Tá sé fíor freisin maidir leis an Indinéis.*

*Má thiteann an chuid seo den Áise Thoir Theas faoi smacht na gCumannach, tabharfar an tSeapáin faoi thionchar na gCumannach mar tá an tír sin ag trádáil leis an gceantar seo. Sin an chúis a bhfuil sé tábhachtach nach rachadh an Ind-Sín taobh thiar den Chuirín Iarainn.*

Allan B. Cole (eagarthóir) “Conflict in Indochina and International Repercussions”

1. Cé leis a bhfuil na Stáit Aontaithe ag tacú sa troid in aghaidh an chumannachais?
2. Má thiteann an Ind-Sín, cad a tharlóidh don Téalainn?
3. Cén fáth ar thír thábhachtach í Malaie?
4. Cén ceantar lena ndéanann an tSeapáin trádáil?
5. Cén tír san Áise Thoir Theas ar tháinig Ho Chi Minh i gceannas air?

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Oibrí forbartha san Afraic.
2. Coinbhinsiún Lomé.
3. An Béarla mar theanga domhanda.
4. Achmad Sukarno na hIndinése.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tábhacht a bhain le Mohandas Gandhi sa ghluaiseacht ar son shaoirse na hIndia?
2. Cén chaoi ar chuir David Ben Gurion cúis an tSionachais ar aghaidh sa Mheán-Oirthear?
3. Cad é an tionchar ar an gCongó a bhí ag scaradh Katanga uaithi?
4. Cén chaoi agus cén fáth a raibh deacrachtaí maidir le caidreamh idir chiníocha sa Fhrainc sna 1980-ídí?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*  
**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

A (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Tógadh an sliocht seo as litir a scríobh Martin Luther King le linn dó a bheith i bpríosún. Sa litir tugann sé freagra orthu siúd a deir gur cheart do na daoine gorma a bheith foighneach agus iad ag fanacht le cearta sibhialta. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ach nuair a bheifeá tar éis daoscarshlua fíochmhar a fheiceáil ag linseáil d'athar agus do mháthar faoi mar ba thoil leo, agus ag bá do dhearthár agus do dheirfear nuair a thioctadh fonn orthu é a dhéanamh; nuair a bheifeá tar éis póilíní a fheiceáil agus iad lán fuatha, ag eascaí, ag ciceáil agus fiú ag marú do dheartháireacha agus do dheirfiúracha gorma; nuair a bheifeá tar éis an mhórchuid den fiche milliún de do chuid deartháireacha den chine gorm a fheiceáil á múchadh i gcás aerdhionach na bochtaineachta i gceartlár sochaí atá rachmasach; nuair a bheifeá do do chiapadh i rith an lae agus buartha istoíche de bhrí gur fear gorm tú, agus tú de shíor ag siúl ar bharraicíní na gcós – ansin tuigfidh tú cén fáth ar deacair dúinn foighne a bheith againn agus fanacht.*

1. Cén dá ghrúpa a gcuireann King an milleán orthu i dtaobh na brúidiúlachta i gcoinne na ndaoine gorma?
2. Cé mhéad duine gorm a bhfuil beo bocht orthu?
3. Cad a cheapann tú a bhí i gceist ag King nuair a dúirt sé go raibh an cine gorm “ag siúl ar bharraicíní na gcós”?
4. Tabhair cúis amháin a bhfuil sé deacair don chine gorm fanacht le cearta sibhialta.
5. Cén chaoi a bhfuair Martin Luther King bás i 1968?

B (30 marc)

*Uasmhéid ama molta: 10 nóiméad*

Scríobh alt gairid ar **cheann amháin** díobh seo a leanas:

1. Bochtaineacht uirbeach, drugaí agus coiriúlacht.
2. Na Stáit Aontaithe agus Cúba.
3. Marilyn Monroe.
4. “Fear na hEagraíochta”.

C (40 marc)

*Uasmhéid ama molta: 15 nóiméad*

Freagair **ceann amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén pháirt a ghlac an tUachtarán Truman i stair na Stát Aontaithe?
2. Conas a bhí tionchar ag an Seanadóir Joseph McCarthy ar an gcaoi a ndeachaigh polasaí eachtrach na Stát Aontaithe?
3. Cad iad na deacrachtaí a bhí ag an Uachtarán Johnson agus é ag plé le ceist Vítneam?
4. Cé mar a d'éirigh leis na Stáit Aontaithe fear a chur ar an ngealach i 1969?

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán